**Iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 – Askos Properties EOOD v Zamestnik izpalnitelen direktor na Darzhaven fond "Zemedelie"**

**(Cás C-656/22)**

(2023/C 7/21)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Askos Properties EOOD

*Freagróir ar an achomharc:* Zamestnik izpalnitelen direktor na Darzhaven fond "Zemedelie"

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. Conas a dhéanfar Airteagal 2(2)(f) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle a léiriú, ar dá réir, chun críoch CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, féadfar "force majeure" agus "imthosca eisceachtúla", go háirithe, a aithint i gcás díshealbhú an ghabháltais go léir nó cuid mhór de más rud é nárbh fhéidir a bheith ag súil leis sin ar an lá a taisceadh an t-iarratas agus, go háirithe, an bhfuil *force majeure* nó na himthosca eisceachtúla i bhfoirm díshealbhú an ghabháltais iomlán nó cuid mhór de i gceist sa chás ina ndéantar conradh le haghaidh úsáid talaimh talmhaíochta bardasaigh (féarach, féarthalamh agus móinéir) a tugadh i gcrích idir údarás riaracháin bardasach agus tairbhí faoi Bheart 211, dar teideal "Íocaíochtaí d'fheirmeoirí i limistéir shléibhtiúla faoi mhíbhuntáistí nádúrtha" den Chlár Forbartha Tuaithe don tréimhse 2007-2013 a fhoirceannadh chun athrú ar reachtaíocht na Bulgáire a chur i bhfeidhm, ar athrú é nach bhféadfadh an tairbhí a bheith ag súil leis ar an lá a taisceadh an t-iarratas.

2. An bhfuil an staid dá bhforáiltear in Airteagal 47(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle i gceist sa chás ina ndéantar comhaontú le haghaidh talamh bardasach a léasú do thairbhí faoi Bheart 211 dar teideal "Íocaíochtaí d'fheirmeoirí i limistéir shléibhtiúla faoi mhíbhuntáistí nádúrtha" a fhoirceannadh mar thoradh ar athrú ar reachtaíocht náisiúnta lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Dlí maidir le hÚinéireacht agus Úsáid Talaimh Talmhaíochta, sa chaoi go bhfágtar gur coinníollacha nua iad a bheith i seilbh gabháltais beostoic agus dearbhú ón bhfeirmeoir maidir le méid áirithe beostoc d'Údarás Sábháilteachta Bia na Bulgáire chun talamh bardasach a bheith ar cíos nó ar léas, i gcomhréir le hAirteagal 37i(4) den Dlí maidir le hÚinéireacht agus Úsáid Talaimh Talmhaíochta, agus nárbh fhéidir leis an tairbhí ná an t-údarás riaracháin a bheith ag súil leis an athrú sin ar an lá a taisceadh an t-iarratas?

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 549).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO 2013 L 347, lch. 487).